
An Coimisiún Eorpach


# An Ghaeilge san Aontas Eorpach: ar an mbóthar go stádas iomlán faoi 2022

Bhí stádas ag an nGaeilge mar theanga chonartha ó bhí 1973 ann, nuair a rinneadh Ballstát d'Éirinn, agus i ngeall ar an stádas sin níor aistríodh go Gaeilge ach conarthaí an Aontais. In 2007, ar iarratas ó Éirinn, rinneadh teanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais den Ghaeilge. De thoradh maolú a thug an Chomhairle, áfach, ní raibh gach doiciméad le haistriú go Gaeilge an tráth sin. In 2015 d'iarr Rialtas na hÉireann ar an gComhairle raon an mhaolaithe a laghdú de réir a chéile, ionas go mbeadh níos mó ábhair ar fáil i nGaeilge. Ba é an aidhm a bhí leis sin **stádas iomlán** san Aontas a bhaint amach don Ghaeilge, de réir a chéile, faoi 2022. I mí an Mheithimh 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuarascáil inar thángthas ar an gconclúid, má leantar go dtí deireadh na bliana le cur chun feidhme na mbeart a bhfuiltear ina mbun faoi láthair, go mbeidh go leor acmhainneachta ag institiúidí an Aontais, i gcoibhneas leis na teangacha oifigiúla eile, chun Rialachán Uimh. 1 a chur i bhfeidhm gan mhaolú ón 1 Eanáir 2022. Tá an méid sin bainte amach ag an Aontas agus Rialtas na hÉireann trí oibriú go dlúth le chéile agus trí bhearta nuálacha a dhéanamh chun dul chun cinn a bhaint amach sna réimsí seo go léir: aistriúchán go Gaeilge, earcaíocht, conraitheoirí seachtracha agus acmhainní Gaeilge. Leanfar den chomhar sin tar éis 2021.

**A. Aistriúchán go Gaeilge san Aontas.** Tháinig **méadú faoi thrí** ar líon na ndoiciméad a cuireadh ar fáil i nGaeilge idir mí Eanáir 2016 agus mí Aibreáin 2021. Cuimsítear sa mhéid sin reachtaíocht, ábhar don ghréasán, agus ábhar polaitiúil, cumarsáide, comhairliúcháin agus tuairiscithe. D'éirigh le hinstitiúidí an Aontais laghdú céimnitheach an mhaolaithe a ionramháil agus rianúlacht an phróisis reachtaigh ilteangaigh a chosaint san am céanna.



**B. Earcaíocht.** Méadaíodh líon na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu i seirbhísí teanga institiúidí an Aontais ó **58 go 138** idir mí Eanáir 2016 agus mí Aibreáin 2021. Leanfar den earcaíocht in 2021 chun leibhéal foirne a bhaint amach a bheidh inchomparáide leis na leibhéil atá ag an gcuid is mó de na teangacha oifigiúla eile, is é sin líon na mball foirne le Gaeilge a mhéadú go tuairim agus 200 faoi dheireadh 2021. An sciar mór d'fhoireann shealadach i gcomparáid leis an sciar den fhoireann atá buan, sin rud nach mór d'institiúidí an Aontais a leigheas trí chomórtais bhreise (comórtais oscailte agus inmheánacha) a eagrú.




**C. Conraitheoirí seachtracha.** Chun cur le hacmhainneacht na mball foirne inmheánach a bhfuil Gaeilge acu, d'eagraigh institiúidí an Aontais **ceithre ghlao ar thairiscintí** le haghaidh seirbhísí saoraistriúcháin, dhá ghlao ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí profléitheoireachta agus ceithre thriail chreidiúnaithe do shaorateangairí. Tá institiúidí an Aontais ag dréim leis go dtiocfaidh méadú ar an obair a dhéanfaidh siad le conraitheoirí seachtracha.

**D. Acmhainní na Gaeilge.** Tháinig an tAontas Eorpach agus Rialtas na hÉireann le chéile chun cur le líon na n-acmhainní Gaeilge atá ar fáil. Tógadh inneall nua **meaisínaistriúcháin néaraigh** Béarla-Gaeilge in 2018 mar chuid de chóras eTranslation an Choimisiúin agus tá méadú tagtha i gcaitheamh na mblianta ar an úsáid a bhaintear as. Leanadh den fhás a bhí ag teacht freisin ar an ábhar Gaeilge sa bhunachar téarmaíochta ar a dtugtar **IATE** agus in **Euramis**, an banc cuimhní aistriúcháin idirinstitiúideach.

